An Stiúrthóir

Bainisteoir Tionscadail/Úinéir Táirgí
CDT-AD5-2025/02

GRÁD: **AD5**

ROINN: AN ROINN AIRGEADAIS AGUS SAORÁIDÍ

ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

1. Cúlra

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Airgeadais agus Saoráidí, agus go háirithe riachtanais na Rannóige Airgeadais agus Pleanála Straitéisí, ghrúpa na hOifige um Bainistiú Tionscadal, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh [1].
Mar eagraíocht atá go hiomlán féinmhaoinithe, táimid ag lorg duine ag a bhfuil próifíl dhinimiciúil atá dírithe ar chliaint le feasacht intinne oscailte agus an cumas próisis a fheabhsú agus éifeachtúlacht a mhéadú. Déanfaidh an t-iarratasóir a roghnófar tionscadail a bhaineann le TF a bhainistiú go príomha, lena n-áirítear feabhas a chur ar na huirlisí agus na sreafaí oibre atá ann cheana, uathoibriú próiseas, agus forbairt uirlisí nua i réimsí amhail teicneolaíocht teanga, intleacht shaorga, acmhainní daonna agus airgeadas. Táimid ag lorg duine gairmiúil ar féidir leo smaointe nuálacha agus infheidhmithe a thairiscint, oibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann, agus ag a bhfuil tuiscint láidir ar uirlisí agus ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha.

[1] Féadfar an liosta ionadaithe céanna a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) agus chun baill foirne ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Is féidir le baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de CEOS (feidhmghrúpa AD), an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

2. Critéir roghnúcháin:

Chun bheith incháilithe le páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir, an 31/03/2025 – arb é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach – na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach le ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma a bheith acu[2];
- scileanna teanga: eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) INNIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Taithí oibre ar chúraimí bainistithe tionscadal agus/nó anailíse gnó a dhéanamh;
- Eolas maith ar phróisis Bhainistithe Tionscadal agus ar shaolré forbartha bogearraí Agile;
- Eolas maith ar Bhéarla nó ar Fhraincis (leibhéal B2 ar a laghad[3]).

c) INNIÚLACHTAÍ INMHIANAITHE:

- Eolas agus taithí ar mhodheolaíocht lúfar PM[2];
- Eolas ar chórais bainistithe agus ar thimpeallacht TF;
- Eolas agus taithí ar thascanna úinéara táirgí Scrum;
- Eolas agus taithí ar bhainistiú shaolré na mbogearraí;
- An cumas ceanglais a dhréachtú i réimsí éagsúla agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí TF, IS agus/nó aistriúcháin;
- Ardscileanna digiteacha agus litearthacht IS.

d) INNIÚLACHTAÍ NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:

Tá Croíluachanna CdT, atá liostaithe thíos, ríthábhachtach do rath ár n-eagraíochta. Táthar ag súil go nglacfaidh iarratasóirí leis na luachanna agus go ndéanfaidh siad iad a ionchorprú ina n-iompar ó lá go lá.

- Comhar: an cumas a chothú chun díriú ar ghrúpaí éifeachtacha, iad a ailíniú agus iad a thógáil. Toilteanas tascanna a roinnt le daoine eile nó oibriú i gcomhar leo agus aitheantas a thabhairt gur fearr i bhfad a bhíonn toradh na hoibre má oibríonn daoine i gcomhar le chéile;
- Meas: caitheamh le do chomhghleacaithe, leis na baill foirne eile agus le comhpháirtithe le meas agus le híogaireacht. Is mór agat an éagsúlacht agus tarraingíonn tú ar

[2] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit de chuid an Aontais nó lena mbaineann teastais choibhéiseacha arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.
[3] Leibhéal a shainítear de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

láidreachtaí, cultúir, smaointe, eispéiris agus buanna éagsúla daoine. Cuireann tú deiseanna comhionanna agus cothroma le haghaidh fostaíochta, forbairt gairme agus foghlama ar fáil, agus ligeann tú do gach ball foirne a dtuairimí a chur in iúl. Cothaíonn tú timpeallacht oibre dhearfach fhuinniúil;

- Sláine: Is é do thiomantas a spreagann thú, ní gnóthachan pearsanta ná comhaontais le leasanna dílsithe. Déanann tú dea-cháil CdT a chosaint agus a chur chun cinn. Tá tú macánta agus gníomhaíonn tú go hionraic. Ní ghlacann tú le hiompar mí-eiticiúil; agus téann tú i ngleic leis mar fhreagracht phearsanta, beag beann ar do stádas san eagraíocht. Coinníonn tú ardchaighdeáin eiticiúla agus ní bhaineann tú mí-úsáid as cumhacht údaráis;
- Féinfhorbairt: Glacann tú páirt ghníomhach i bhfoghlaim agus i gcur chun feidhme coincheapa, teicneolaíochtaí agus/nó modhanna nua. Geallann tú go gcuirfidh tú feabhas leanúnach ar do scileanna agus ar scileanna d'fhoirne trí eolas, cumas agus dearcthaí nua a bhailiú agus trí d'fhoireann a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar bhonn leanúnach;
- Claochlú agus nuálaíocht; Tá sé de chumas agat athrú riachtanach a thionscnamh agus dearcadh dearfach agus oscailte a thaispeáint i leith an athraithe. Tuigeann tú an chaoi a n-úsáidtear an teicneolaíocht faoi láthair chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach agus fiosraíonn tú uirlisí nua chun feidhmíocht na foirne a fheabhsú;
- Díriú ar an gcliant: Déanann tú iarracht oibriú go héifeachtach le piaraí, le comhpháirtithe, agus le daoine eile nach bhfuil i do líne cheannais – rud a théann chun leasa na feidhmíochta gnó. Freastalaíonn tú ar chliaint inmheánacha agus sheachtracha araon agus tógann tú caidrimh inbhuanaithe leo.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe 3(b)(1) agus (2) thíos).

3. An nós imeachta roghnúcháin:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;
- sa dara cuid, cuirfear san áireamh taithí ghairmiúil agus pointí eile a luaitear faoi 'Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha' agus 'Inniúlachtaí inmhianaithe' (pointe 2(b), pointe (c)). Déanfar an chuid seo a mharcáil bunaithe ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh chun triail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh don deichniúr iarratasóirí a n-éireoidh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthóidh na marcanna is airde.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a bhfuil cur síos déanta air thíos. Beidh dhá thástáil i gceist leis:

1. Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina mbeidh:

- ceisteanna chun measúnú a dhéanamh ar eolas na n-iarratasóirí i réimse an phoist a fógraíodh.

Fad: 1 uair agus 30 nóiméad.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Is féidir le hiarratasóirí ceachtar de Fhraincis nó Béarla a roghnú don scrúdú scríofa. Tabhair do d'aire nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

Reáchtálfar an scrúdú ar líne. Na hiarratasóirí a dtabharfar cuireadh dóibh an triail scríofa a dhéanamh, gheobhaidh siad an fhaisnéis ábhartha uile in am trátha.

2. Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin:

Eagraítear é chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarratasóirí chun na dualgais a bhfuil tuairisc orthu thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na scileanna inmhianaithe atá liostaithe i bpointe 3 agus in Iarscríbhinn 1 thíos.

Reáchtálfar an t-agallamh ar líne agus féadfar é a dhéanamh an lá céanna leis an triail scríofa, nó ar dháta níos déanaí, ag brath ar chinneadh roimhe sin ón gCoiste Roghnúcháin.

Is i mBéarla den chuid is mó a reáchtálfar an t-agallamh. Féadfar eolas ar theangacha eile a thástáil freisin ar bhonn dhearbhuithe an iarratasóra maidir le hinniúlacht teanga.

Fad an agallaimh: thart ar 40 nóiméad.

Marcálfar an t-agallamh as 20 (pasmharc: 12).

Mar thoradh ar an agallamh agus ar an triail, tarraingeoidh an Coiste Roghnúcháin suas tuarascáil ar thorthaí an nós imeachta lena n-áirítear barúlacha faoi na hiarratasóirí agus liosta ionadaithe de na hiarratasóirí a éireoidh leo in ord fiúntais. Déanfaidh an Stiúrthóir cinneadh críochnaitheach, agus féadfaidh sí cinneadh a dhéanamh babhta breise agallamh a eagrú le hiarratasóirí, ar bhonn aghaidh ar aghaidh, sula ndéanfaidh sí an cinneadh deiridh.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann áit a bhaint amach ar liosta ionadaithe agus dearbhú earcaíochta.

Ní mór d'iarratasóirí dá dtabharfar cuireadh chun an triail scríofa a dhéanamh agus chun freastal ar an agallamh, roimh lá an agallaimh, doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a bheidh siad tar éis a lua ar an bhfoirm iarratais, eadhon cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid eile lena bhfianaítear a dtaithí ghairmiúil agus lena léirítear go soiléir dátaí tosaigh agus deiridh, an post a bhí acu, cineál beacht a ndualgas, etc. Más rud é go ndéanfar na trialacha go cianda, seolfaidh iarratasóirí cóipeanna de na doiciméid tacaíochta arna n-iarraidh thuas trí ríomhphost chuig: E-Selection@cdt.europa.eu

Sula síneofar aon chonradh, ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo, na bunchóipeanna agus na cóipeanna dílse deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a chur isteach d'fhonn a chruthú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí deireadh bhliain a bhunaithe agus féadfar síneadh a chur leis faoi rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

4. Earcaíocht:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe san fheidhmghrúpa/sa ghrád AD5. Is é EUR 5 905,36 an buntuarastal míosúil do ghrád AD5 (céim 1). Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), srl.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar iad, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear orthu de réir an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith acu)[4];
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

5. An Nós Imeachta Iarratais:

Ba cheart d'iarratasóirí ar spéis leo an post a n-iarratas a dhéanamh ar líne trí Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an spriocdháta.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil leis an rannóg Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

[4] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

6. Faisnéis Ghinearálta:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt dóibh faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar a éilítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an fógra sonrach maidir le príobháideachas.

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na himeachtaí go léir faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR A THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

  Le cur faoi bhráid: Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AD5-2025/02

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  Le cur faoi bhráid an Údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích

  CDT-AD5-2025/02

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich

  Oifig 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – http://eur-lex.europa.eu/homepage.html), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí a thabhairt i gcrích aon chinneadh ó Choiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir a hathbhreithnithe ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
  F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113 an 4 Bealtaine 1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige iomchuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.

IARSCRÍBHINN 1: CUR SÍOS AR AN bPOST

Agus iad ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige Airgeadais agus Pleanála Straitéisí, beidh an t-iarratasóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

CUR I bhFEIDHM & RIALÚ

Bainistiú tionscadail

Bainistiú laethúil na dtionscadal:

- Fáil agus bainistiú iarrataí ar chláir neamhthionscadail atá ann cheana a fhorbairt nó a uasghrádú, nó tionscadail nua a chur ar bun;

- Oibriú go dlúth le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha, le comhpháirtithe, le soláthraithe agus le custaiméirí chun a gcuid riachtanas a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu;

- Meastachán a dhéanamh ar chostais tionscadail, tosaíochtaí, pleananna oibre agus cinntí a shainiú bunaithe ar threoshuímh straitéiseacha, ar riachtanais rialála agus ar na hacmhainní atá ar fáil, agus ailíniú á dhéanamh le punann tionscadail an Ionaid;

- A áirithiú go bhfuil cuspóirí an tionscadail sainithe go soiléir agus go dtuigeann na geallsealbhóirí go léir iad;

- Anailís a dhéanamh ar riachtanais, sonraíochtaí feidhmiúla amhail scéalta úsáideoirí a dhréachtú agus samhlacha comhéadain a chruthú chun dearadh córais agus eispéireas úsáideoirí a léiriú;

- A chinntiú go gcomhlíontar na sonraíochtaí, na spriocdhátaí, an buiséad agus na caighdeáin cháilíochta laistigh den chreat atá sainithe ag úinéir an táirge agus i gcomhar leis an Roinn TF nó le soláthraithe;

- A chinntiú go gcomhlíonann táirgí insoláthartha na hionchais tosaigh, go ndréachtaíonn siad cásanna tástála agus treoracha d'úsáideoirí, go ndéanann siad maoirseacht ar thástáil inghlacthachta, agus go ndéanann siad rioscaí/saincheisteanna agus a réiteach a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú ar fud na dtionscadal;

- Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir maidir le táirgí insoláthartha, córais TF agus uirlisí teicneolaíochta gaolmhara a úsáideann an tIonad;

- Tacú le Ceann na Rannóige Airgeadais agus Pleanála Straitéisí le gníomhaíochtaí riaracháin agus leantacha, le forbairt straitéiseach gnó trí dheiseanna nua a shainaithint, trí chomhpháirtíochtaí a bhunú, agus trí bhreisluach a chur ar fáil don Ionad.

Bainistiú athruithe

- Measúnú a dhéanamh ar phróisis reatha agus deiseanna a shainaithint chun feabhas a chur ar chóras faisnéise an Ionaid nó chun é a chothabháil ar bhealach ceartaitheach;

- Bainistiú a dhéanamh ar athruithe, go háirithe le linn atheagruithe, cumasc agus mórascnamh TF;

- A chinntiú go ndéantar tionchar na n-athruithe ar fheidhmeanna éagsúla an Ionaid agus na n-iarratas a mheas go críochnúil agus a bhainistiú go héifeachtach;

- Monatóireacht a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus ar an margadh, agus cuspóirí straitéiseacha agus croíghnó an Ionaid á gcur san áireamh;

Bainistiú punainne

- Cur le forbairt agus le bainistiú na punainne tionscadail in éineacht le lucht PMO;

- Acmhainní a leithdháileadh agus tosaíochtaí tionscadail a chaibidliú i gcomhaontú le Ceann na Rannóige Airgeadais agus Pleanála Straitéisí agus le lucht bainistíochta an Ionaid Aistriúcháin.